www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

**ADVANCED**
**General Certificate of Education**
**2011**

# Rialtas agus Polaitíocht

## Aonad Measúnaithe A2 2

### Cumhacht Pholaitiúil agus Smaointe Polaitiúla

**[AQ221]**

AQ221

**DÉ MÁIRT 7 MEITHEAMH, MAIDIN**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Roghnaigh **Rogha A**: Cumhacht Pholaitiúil nó **Rogha B**: Smaointe Polaitiúla

Ón rogha agat, déan staidéar ar an fhoinse atá ar fáil agus freagair ceisteanna **1**, **2** agus **3(a)** nó **3(b)**.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceisteanna **2** agus **3**.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

**COMHAIRLE D'IARRTHÓIRÍ**

Moltar duit an t-am scrúdaithe a roinnt de réir líon na marcanna atá ag dul do gach ceist.
Moltar duit staidéar a dhéanamh ar an fhoinse sula ndéanfaidh tú iarracht ceisteanna **1** agus **2** a fhreagairt, agus tagairt a dhéanamh don fhoinse i do fhreagraí ar na ceisteanna sin.

www.xtrapapers.com

## Rogha A: Cumhacht Pholaitiúil

**Déan staidéar ar an fhoinse thíos agus freagair na ceisteanna a leanann.**

**Foinse**

Tá sé thar a bheith deacair staidéar a dhéanamh ar an dlisteanacht. Ní mar an gcéanna iad na foinsí dlisteanachta in aon dá chóras pholaitiúil. Rud ar toisc mhór é maidir le stát áirithe a dhlisteanú, seans gur beag tábhacht a bheadh leis i stát eile. Bíonn baint mhór ag reiligiún i gcórais áirithe leis na hinstitiúidí polaitiúla a dhlisteanú; ní bhíonn baint dá laghad aige i gcórais eile.

Níl aon bhuaine ag baint leis an dlisteanacht, is cosúil go mbíonn sí ag athrú le himeacht ama  de réir tosca éagsúla. Mórchuid na ndaoine i sochaí, is féidir go gcreideann siad go bhfuil an stát dlisteanach, ach is féidir go mbeidh grúpa nó grúpaí daoine ann nach gcreideann, mar is é an tuairim a bhíonn acu siúd de ghnáth go bhfuil leithcheal á dhéanamh orthu. Is iad na cúiseanna seo a fhágann gur próiseas casta é staidéar a dhéanamh ar an dlisteanacht.

**1** Trí thagairt a dhéanamh don Fhoinse agus d'ábhar ábhartha ar bith eile a ndearna tú staidéar air, mínigh **3** thoisc a bheadh ina gcuidiú le stát a dhlisteanú. [10]

**2** Is féidir go bhfuil grúpaí áirithe i sochaí nach gcreideann go bhfuil an stát dlisteanach. Trí thagairt a dhéanamh don Fhoinse agus d'ábhar ábhartha ar bith eile a ndearna tú staidéar air, mínigh cad chuige a gcreidfeadh siad é seo. [15]

**3** **Ceachtar acu**

**(a)** Maidir le daonlathas liobrálach an iarthair, tá daoine áirithe ann a chreideann gur córas polaitiúil daonlathach amach is amach é. Déan an dearcadh seo a mheas. [35]

**Nó**

**(b)** Teoiric Mharxach agus Teoiric na Scothaicme i dtaca le nádúr agus le dáileadh na cumhachta polaitiúla de, déan na cosúlachtaí agus na difríochtaí atá eatarthu a mheas. [35]

www.xtrapapers.com

## Rogha B: Smaointe Polaitiúla

**Déan staidéar an an fhoinse thíos agus freagair na ceisteanna a leanann.**

**Foinse**

Creidtear go forleathan sa tuairim gur neach leithleasach é an duine atá á spreagadh ag a bhuntáiste pearsanta féin. I dtaca leis an dearcadh de, baineann an pholaitíocht leis an instinn dhaonna seo a rialú agus lena cosc ar chineálacha frithshóisialta a ghlacadh chuici féin. Tá an dearcadh seo bréagach, áfach. Is dual do dhaoine nach é a leas leithleasach féin is ábhar cúraim dóibh i gcónaí. A mhalairt ar fad, is é instinn nádúrtha an duine a bheith ag obair agus ag comhoibriú i gcomhar le daoine eile. Bíonn an duine aonair ag smaoineamh ar an leas coiteann agus bíonn sé breá sásta a leas pearsanta féin a chur ar leataobh ar a shon. Is léir ó na hardleibhéil de thacaíocht an phobail don Stát Leasa agus don tSeirbhís Náisiúnta Sláinte go bhfuil an meon seo go forleathan sa RA i gcónaí. Más amhlaidh go bhfuil daoine santacha ann nach cúram dóibh ach a leas féin, is é an córas caipitleach iomaíoch gan trua gan taise a gcaithfidh siad a bheith ina gcónaí ann is cúis leis.

**1** Cén dearcadh idé-eolaíoch atá á chur chun tosaigh san Fhoinse? Trí thagairt a dhéanamh don Fhoinse agus d'ábhar ábhartha ar bith eile a ndearna tú staidéar air, mínigh **3** ghné den teoiric seo. [10]

**2** Na daoine sin a chuireann in éadan an dearcaidh sin a d'ainmnigh tú i gCeist 1 ar bhonn idé-eolaíoch, déan tagairt don Fhoinse agus d'ábhar ábhartha ar bith eile a ndearna tú staidéar air lena mhíniú cad é mar a dhéanfadh siad é a cháineadh. [15]

**3** **Ceachtar acu**

**(a)** Is leor "prionsabal iontach simplí amháin" leis an tsaoirse aonair a ráthú. Is dearcadh é seo atá á chur in iúl ag John Stuart Mill in ***On Liberty***. Déan an dearcadh seo a mheas. [35]

**Nó**

**(b)** Tá sé cinnte gur críoch thubaisteach a bheadh ann dá gcuirfeadh na Réabhlóidithe na prionsabail um chearta nádúrtha agus um réasún daonna i bhfeidhm. Is é seo an dearcadh atá á chur in iúl ag Edmund Burke in ***Reflections on the Revolution in France***. Déan an dearcadh seo a mheas. [35]

---

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

---

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.